# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 30 Samhain – 6 Nollaig 2024**

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 30 Samhain ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** P.J. Shanahan, Baile Dháith, C.B.
**2.** Máire Uí Mhuircheartaigh, Corraghráig, C.B.
**3.** Edna Uí Chinnéide, Baile an Mhórdhaigh, C.B.
**Dé hAoine, 6 Nollaig, ar a 7.00in.**
**Intinn:** Kit Ní Shéaghdha, Baile Loisce, agus a tuismitheoirí, Caitlín agus Maidhc agus a deirfiúr, Eibhlín agus Swati Sears agus Tommy Sears.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 1 Nollaig, ar a 10.00rn**
**Intinn:** Seán agus Siobhán Uí Mhuircheartaigh, Riasc agus dos na siúracha Bríd agus Máire Uí Mhuircheartaigh, C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin – 087-6551902

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le Seirbhísí na hÓige an deireadh seachtaine seo **30 Samhain/1 Nollaig.**

**Guí an Phobail**
Betty Uí Dhálaigh, Albain, a fuair bás le déanaí.
Máirín O'Connor, Nua Eabhrach agus ón gClais ó dhúchas a fuair bás le déanaí.
Cian Ó Lúing, Cill Áirne, a fuair bás le déanaí.
Carmel Uí Ghairbhí, Túr Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo, a fuair bás le déanaí.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 8 Nollaig ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 8 Nollaig ar a 10.00rn**

## Bailiúchán Bliantúil
Beidh Bailiúchán Bliantúil do Cumann Naomh Uinseann de Pól ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn **7/8 Nollaig.**

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 7.00in.
Dé hAoine 9.30rn (An Chéad Aoine)
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in.

**Maidin Eolais**
Beidh maidin eolais 'ag dul in aois gan dua' do aosaigh Chorca Dhuibhne i bpáirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus eagraíochtaí eile, ar siúl i Halla Cheann Trá, Ceann Trá, Déardaoin, 12 Nollaig óna 10.00rn go dtí 1.30in. Cainteoirí éagsúla. Áirithint riachtanach: Glaoigh ar John Walsh – 087 759 0050. R-phost: john.walsh2@hse.ie



**Naomh Carlo Acutis, 27 Aibreán, 2025**
**(Domhnach na Trócaire Diaga)**
Beidh deabhóidí do Carlo Acutis sa pharóiste uair sa mhí as seo amach. Ag tosnú le Aifreann i Seipéal Naomh Uinseann, Déardaoin, 5 Nollaig ar a 7.00in. Beidh an Choróin Mhuire agus paidreacha eile ann ar a 6.00in. Beidh beannú le taisí Carlo Acutis tar éis Aifrinn.

## Buíochas
Buíochas ó chroí le gach uile dhuine a **chabhraigh in aon tslí** le cuairt thaisí Carlo Acutis an deireadh seachtaine seo caite. Buíochas speisialta leis an Mgr. Anthony Figueiredo, Gwen Wiseman, an tEaspag Réamonn de Brún, An tAthair Chris Ó Domhnaill, An tAthair Pádraig Mac Cárthaigh, An tAthair Jim Sheehy agus An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin. Buíochas leis le gach duine a thug cuairt ar na taisí. Go gcuití Dia go fial libh agus go ndéana Carlo Acutis Beannaithe idirghuí ar ár son.

**Adhradh na Naomh Shacraiminte**



Beidh Adhradh na Naomh Shacraiminte ar siúl i Séipéal Naomh Gobnait, an Domhnach seo, 1 Nollaig, idir 2.00-4.00in. Fáilte roimh chách.

**An Chéad Aoine agus Glaochanna Comaoineach**

Déardaoin, 5 Nollaig - Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin.
Dé hAoine, 6 Nollaig - Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin.

**Oilithreacht go Pietrelcina, San Giovanni Rotondo agus Assisi**

Beidh oilithreacht **(ag fágaint ó Aerphort Chorcaí)** go Assisi (Naomh Proinsias, Naomh Clár agus Carlo Acutis), San Giovanni (Padre Pio), Monte Sant' Angelo (Micheál Ardaingeal) agus Manopello (Aghaidh ár dTiarna Íosa Críost) ón 23 – 30 Meitheamh 2025. Gach eolas ó Ann Fehan 087-2738103 nó Tigh na Sagart 066-9156131.

**Oilithreacht na Gaeltachta go Lourdes 2025**

Beidh Oilithreacht na Gaeltachta go Lourdes ar siúl idir 14-19 Meán Fómhair, 2025. Eitilt ó Chorcaigh. Costas €969. Beidh éarlais €350 ag teastáil chun d'áit a chur in áirithe. Gach eolas ó Thigh na Sagart sa Daingean 066-9151208.

**Machnamh Don Aidbhint**

**Ó Tairse Chugainn Emmanuel**

Ó tairse chugainn, Emmanuel
Is fuascail óna géibhinn, Israel.
Ar deóraíocht fós ar fhásach an domhain,
Ag tnúth le h-Aon Mhac Dé a theacht go teann.
*Curfá*: ***Ardaigh do chroí, a Israel***
***Is tiocfaidh chugat Emmanuel***



**Cnoc Mhuire**

Bus ag dul go Cnoc Mhuire do Bhigil Ghiniúint Gan Smál na Maighdine Muire, ag fágaint ó Thrá Lí, Dé Sathairn, 7 Nollaig ar a 4.00in. Costas €40. Breis eolais O'Shea's 066-7180123.

**Radio Maria**

Beidh ócáid bailithe airgid ar siúl ag Radio Maria in Óstán Meadowlands i dTrá Lí, Dé hAoine, 13 Nollaig ag tosnú ar a 5.30in. Costa €65. Ticéid ar fáil ar eventbrite.ie nó glaoigh ar 01-4123456. Breis eolais ar www.radiomaria.ie.

**Cnoc Mheilearaí**

Fograíodh i rith na seachtaine go mbeidh Mainistir Mheilearaí, Co. Phort Láirge ag dúnadh i Mí Eanáir. Théadh ana chuid do mhuintir na Mumhan go dtí an mhainistir cháiliúil seo. Scríobh Seán Ó Riordáin dán iomráiteach mar gheall ar chúrsa spioradálta a dhein sé ann.

**Folúntas**

Tá folúntas do rúnaí páirt-aimsearach in Ionad Tréadach na Deoise i gCill Áirne. Ní mhór d'iarratas a bheith istigh roimis a 5.00in, ar an Aoine, 6 Nollaig. Breis eolais www.dioceseofkerry.ie.

**Ciste an Pharóiste 24/11/2024 - €1,265**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana**.**
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie